Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9442/21**
**ADD 3**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0140(CNS)**

**SCH-EVAL 65**
**DATAPROTECT 154**
**ENFOPOL 214**
**FRONT 213**
**MIGR 105**
**SIRIS 53**
**VISA 116**
**IXIM 109**
**COMIX 299**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Meitheamh 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 120 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 120 final.

---

Faoi iamh: SWD(2021) 120 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.6.2021
SWD(2021) 120 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle**

**maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013**

{COM(2021) 278 final} - {SEC(2021) 225 final} - {SWD(2021) 119 final}

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

**Measúnú tionchair maidir leis an athbhreithniú ar Shásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen**

## A. An gá atá le gníomhaíocht

**Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?**

Tá Schengen ar cheann de na héachtaí is suntasaí a baineadh amach de bharr lánpháirtiú na hEorpa. Is limistéar é inar féidir le breis agus 420 milliún duine gluaiseacht gan bhac gan seiceálacha teorann, rud is fíor faoi earraí agus seirbhísí freisin. Cuireann Schengen le feidhmiú an Mhargaidh Aonair, agus tá buntáistí sóisialta agus eacnamaíocha ann do shochaí na hEorpa a bhuí leis an margadh sin[1].

Braitheann dea-fheidhmiú an limistéir gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ar na Ballstáit[2] a bheith ag cur creat dlíthiúil Schengen i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil. Tá iarrachtaí coiteanna ag teastáil chun ardleibhéal iontaoibhe frithpháirtí a choinneáil ar bun idir na Ballstáit. Mar thoradh ar an éagobhsaíocht i gcomharsanacht na hEorpa agus níos faide i gcéin, ar ghéarchéim na ndídeanaithe in 2015 agus ar na hiarmhairtí a bhain léi, ar phaindéim COVID-19, agus ar an mbagairt sceimhlitheoireachta leanúnach, rinne Ballstáit áirithe rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú. I gcásanna áirithe, rinneadh rialuithe a athnuachan roinnt uaireanta ó bhí 2015 ann. Leag na forbairtí sin béim ar an ngá atá le feabhas a chur ar fheidhmiú limistéar Schengen agus ar na huirlisí atá ar fáil chun Schengen a chur ag oibriú, lena n-áirítear Sásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen. Leis an Sásra sin, fíoraítear go bhfuil na Ballstáit ag cur *acquis* Schengen i bhfeidhm i gceart agus déantar faireachán ar an méid sin, rud a chomhlánaíonn an dá cholún eile ar cuid de Rialachas Schengen iad. Cuimsíonn an dá cholún eile na bearta ag na teorainneacha seachtracha (bainistiú teorainneacha seachtracha) agus na bearta cúiteacha (comhbheartas víosaí, comhar póilíneachta, beartas um fhilleadh, agus Córas Faisnéise Schengen). Cé gur ionstraim theicniúil é an Sásra, is é is aidhm dó idirphlé polaitiúil a éascú maidir le staid Schengen. Sa chéad timthriall meastóireachta cúig bliana, áfach, níor chuir an Sásra brú polaitiúil leordhóthanach ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a bhí ann agus ní raibh plé polaitiúil cuimsitheach maidir le Schengen mar thoradh ar an timthriall meastóireachta sin.

Cé gur chuir an Sásra feabhas ar an mbreisluach atá aige agus feidhmiú Schengen á áirithiú aige le linn an chéad timthrialla cúig bliana (2015-2019), **mar gheall ar roinnt easnamh níor oibrigh an Sásra chomh héifeachtach agus a d'fhéadfadh sé agus níor oibrigh sé chomh héifeachtach agus ba cheart dó, rud a chuir bac air barr a chumais a bhaint amach**. Tá **trí fhadhb idirnasctha** ann go háirithe, fadhbanna a eascraíonn as teipeanna i ndearadh an tSásra agus ina chur chun feidhme:

- Fócas straitéiseach teoranta agus scoilteadh suntasach a chuireann cosc ar fhorléargas a fháil ar fheidhmiú Schengen ina iomláine, rud a d'éascódh plé polaitiúil;
- Inniúlacht neamhleor a bheith in ann imthosca, forbairtí agus treochtaí reachtacha nua a shainaithint agus dul in oiriúint agus freagairt dóibh go tapa, go háirithe sáruithe ar chearta bunúsacha ag na teorainneacha seachtracha; agus,
- Glacadh leigheasanna agus cur chun feidhme leigheasanna atá mall, agus córas idir piaraí nach gcuireann an méid brú a mbeifí ag súil leis.

Tá tionchar ag na fadhbanna sin agus na húdair bainteacha (a léirítear go mion sa Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair) ar fheidhmiú an tSásra agus, ar an iomlán, is é an toradh a bhíonn orthu dochar a dhéanamh d'athléimneacht limistéar Schengen.

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?**

Mar fhreagairt ar na dúshláin a tháinig chun cinn le déanaí, sa Chomhaontú Nua maidir le hImirce agus

[1] In 2016, measadh go dtiocfadh costais dhíreacha láithreacha as athbhunú iomlán na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha arb ionann iad agus méid idir EUR 5 billiún agus 18 billiún in aghaidh na bliana, COM(2016) 120 final an 4.3.2016, lch 3.

[2] Lasmuigh de Bhallstáit den Aontas Eorpach, clúdaíonn Schengen an Íoslainn, an Iorua, an Eilvéis agus Lichtinstéin freisin ('Tíortha Comhlachaithe Schengen' mar a ghairtear díobh). Ní cuid den limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha í Éire, ach cuirfidh sí *acquis* Schengen i bhfeidhm i bpáirt ón 1 Eanáir 2021 amach. Tá an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit agus an Rómáin faoi cheangal ag *acquis* Schengen, ach níor cuireadh deireadh le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha i leith na mBallstát sin go fóill. Is mar Bhallstáit a thagraíonn an measúnú tionchair do na tíortha sin uile.

Tearmann, d’fhógair an Coimisiún glacadh Straitéis Schengen, straitéis ina mbeidh idir thionscnaimh reachtacha agus tionscnaimh oibríochtúla a bheidh dírithe ar Schengen níos láidre agus níos athléimní a chruthú. Ceann de na tionscnaimh sin is ea an t-athbhreithniú ar an Sásra. Is é **cuspóir ginearálta** an tionscnaimh seo feidhmiú an tSásra a fheabhsú, éifeachtúlacht an tSásra a threisiú agus colún faireacháin rialachas Schengen a neartú. Ba cheart do SCH-EVAL a bheith in ann na heasnaimh is suntasaí a shainaithint go prapúil agus aghaidh a thabhairt orthu go tapa, agus ba cheart go gcumasófaí leis teacht ar chonclúidí maidir le staid Schengen, rud lena spreagfaí plé polaitiúil. Mar fhreagairt ar na fadhbanna a shainaithníodh thuas, féachtar leis an tionscnamh seo na **cuspóirí sonracha** seo a leanas a bhaint amach:

- **Cuspóir Sonrach 1**: Bearnaí a sheachaint agus fócas straitéiseach a mhéadú. Tá an chéad chuspóir sonrach nasctha den chuid is mó leis an gcéad fhadhb;
- **Cuspóir Sonrach 2**: Dáileadh na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí a chuíchóiriú, agus an próiseas agus na nósanna imeachta a shimpliú agus a luathú. Tá an dara cuspóir sonrach nasctha den chuid is mó leis an dara fadhb agus an tríú fadhb;
- **Cuspóir Sonrach 3**: Cur chun feidhme na gcoimircí maidir le cearta bunúsacha faoi *acquis* Schengen a neartú. Baineann an tríú cuspóir sonrach leis an dara fadhb;
- **Cuspóir Sonrach 4**: Rannpháirtíocht na saineolaithe ó na mBallstát a bharrfheabhsú, mar aon le páirteachas comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE agus sineirgí le hionstraimí eile. Tá an ceathrú cuspóir sonrach nasctha den chuid is mó leis an gcéad fhadhb agus an dara fadhb.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?**

Eascraíonn **breisluach AE** an tionscnaimh ón tábhacht a bhaineann leis an iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit a neartú ionas go gcuirfear forálacha uile *acquis* Schengen chun feidhme i gceart agus ar bhealach leormhaith. Leis an meastóireacht a chomhordaítear ar leibhéal an Aontais, déantar comparáid idir na cleachtais chur chun feidhme ó Bhallstát go chéile a éascú mar aon le measúnú ar éifeachtaí comhcheangailte an chur chun feidhme i mBallstáit éagsúla a éascú. Fágann sé sin freisin gur féidir easnaimh a shainaithint a eascraíonn as neamhshiméadrachtaí agus as éagsúlachtaí i gcur chun feidhme *acquis* Schengen, rudaí a d’fhéadfadh sláine Schengen a chur i mbaol. Féadfaidh an piarbhrú a eascraíonn as an Sásra dreasacht bhreise a chruthú chun rialacha Schengen a chur chun feidhme i gceart.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Tá roinnt roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha forbartha ag an gCoimisiún bunaithe ar mholtaí na bpáirtithe leasmhara uile agus ar an athbhreithniú cúig bliana ar chur chun feidhme an Rialacháin reatha. Tar éis próiseas réamhroghnúcháin inár cuireadh roinnt roghanna i leataobh, rinneadh measúnú mionsonraithe ar na **roghanna beartais** seo a leanas, mar rogha mhalartach ar an gcás bunlíne:

- **Rogha 1** – Is éard atá sa rogha seo **athruithe oibríochtúla** lena ndéantar raon feidhme na meastóireachtaí a choigeartú ach an scoilteadh atá ann faoi láthair sa réimse beartais a choimeád (chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb 1 agus chun cuspóir sonrach 1 a bhaint amach), lena gcuirtear dlús leis an bpróiseas meastóireachta agus, an tráth céanna, na nósanna imeachta cinnteoireachta agus leantacha atá ann faoi láthair á gcoinneáil ar bun (fadhbanna 2 agus 3 agus cuspóir 2), lena dtugtar páirt níos fearr do shaineolaithe ó na Ballstáit agus do chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE (fadhbanna 1 agus 2 agus cuspóir 4), agus lena ndéantar an mheastóireacht ar chearta bunúsacha a neartú (fadhb 2 agus cuspóir 3).
- **Rogha 2** – D’fhonn cur leis na hathruithe oibríochtúla (de réir Rogha 1), moltar sa rogha seo **athruithe reachtacha spriocdhírithe** chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú. Déanann sí solúbthacht a mhéadú maidir leis na réimsí agus gníomhaithe a ndearnadh meastóireacht orthu agus maidir leis an gclársceidealú (fadhb 1 agus cuspóir 1). Simplíonn sí nósanna imeachta agus oibleagáidí agus cruthaíonn sí amlíne shoiléir le haghaidh na ngníomhaithe uile lena mbaineann, agus, an tráth céanna, an chothromaíocht institiúideach chéanna á coimeád (fadhbanna 2 agus 3 agus cuspóir 2). Tugann sí isteach solúbthacht i méid na foirne meastóireachta agus feabhsaíonn sí comhordú le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE (fadhbanna 1 agus 2 agus cuspóir 4). Ina theannta sin, méadaíonn sí deimhneacht dhlíthiúil maidir leis na gnéithe atá ábhartha do mheastóireacht ar chearta bunúsacha agus leagann sí béim ar an suntasacht agus an tábhacht pholaitiúil a bhaineann leo (fadhb 2 agus cuspóir 3).
- **Rogha 3** – Leis an rogha seo cuirtear **athruithe reachtacha uaillmhianacha** i láthair chun na bearta a mholtar faoi Roghanna 1 agus 2 a ionchorprú agus cuirtear le chéile iad le hathruithe breise ar dhearadh agus feidhmiú SCH-EVAL. Cuireann sí le raon feidhme an tSásra chun réimsí spriocdhírithe lasmuigh de *acquis* Schengen a chuimsiú, bunaíonn sí meastóireachtaí cuimsitheacha a dhéantar in aghaidh an

Bhallstáit seachas de réir réimsí beartais, bunaithe ar mheasúnú riosca agus ar fheasacht staide, déanann sí fad an timthrialla meastóireachta a leathnú go seacht mbliana agus cruthaíonn sí uirlisí meastóireachta agus faireacháin breise atá oiriúnach don fheidhm (fadhbanna 1 agus 2 agus cuspóir 1). Moltar inti athruithe a dhéanamh ar an gcothromaíocht institiúideach sa phróiseas cinnteoireachta (le tuarascálacha meastóireachta agus moltaí á nglacadh ag an gCoimisiún leis an gComhairle ar bhonn comhpháirteach, dírítear ar mholtaí a ghlacadh i gcásanna ábhartha polaitiúla, is iad sin 'easnaimh thromchúiseacha', 'meastóireachtaí céaduaire' agus 'meastóireachtaí téamacha') agus sna nósanna imeachta leantacha, agus tugtar isteach nós imeachta mear le haghaidh easnaimh thromchúiseacha (fadhb 3 agus cuspóir 2). Modhnaíonn sí an próiseas chun saineolaithe ó na Ballstáit a ainmniú, trí ghrúpa saineolaithe a chruthú freisin, agus déanann sí an comhordú le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE agus le sásraí rialaithe cáilíochta eile a uasmhéadú (fadhbanna 1 agus 2 agus cuspóir 4); agus tugann sí isteach meastóireachtaí sonracha ar chearta bunúsacha (fadhb 2 agus cuspóir 3).

- **Rogha 4** – Leis an rogha seo moltar **cur chuige comhcheangailte** maidir leis na bearta a mholtar faoi na roghanna eile (ar roghanna carnacha iad seachas roghanna malartacha), ag brath ar réimse na hidirghabhála agus ar an leibhéal uaillmhéine. Moltar le Rogha 4 an raon feidhme atá ann faoi láthair a choimeád lena gcumhdaítear gach gné de *acquis* Schengen, agus na tosaíochtaí (réimsí beartais) á gcur in oiriúint do na dálaí agus na gníomhaithe nua trí bhíthin clársceidealú níos solúbtha (de réir Rogha 2; aghaidh a thabhairt ar fhadhb 1 agus cuspóir 1 a bhaint amach) agus an timthriall meastóireachta a leathnú go seacht mbliana (de réir Rogha 3; fadhb 1 agus cuspóir 1). Leathnaíonn sí an raon uirlisí atá ar fáil agus soiléiríonn sí na critéir agus na coinníollacha a bhaineann lena n-úsáid (de réir Rogha 3; fadhbanna 1 agus 2 agus cuspóir 1). Cuimsíonn sí bearta chun dlús a chur le nósanna imeachta chun iad a shimpliú (de réir Rogha 2; fadhb 3 agus cuspóir 2) agus athraíonn sí an próiseas cinnteoireachta agus cruthaíonn sí nós imeachta mear um easnaimh thromchúiseacha (de réir Rogha 3; fadhbanna 2 agus 3 agus cuspóir 2). Tugtar le chéile ann na bearta uile a mholtar faoi na roghanna eile chun rannpháirtíocht na saineolaithe ó na mBallstát a bharrfheabhsú agus chun páirteachas comhlachtaí agus ghníomhaireachtaí AE a fheabhsú (fadhbanna 1 agus 2 agus cuspóir 4). Le Rogha 4 tugtar isteach athruithe chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú maidir le gnéithe atá ábhartha i ndáil le cearta bunúsacha (de réir Rogha 2; fadhb 2 agus cuspóir 3).

Tar éis measúnú mionsonraithe agus comparáid mhionsonraithe a dhéanamh ar thionchar na roghanna beartais uile agus moltaí na bpáirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo á gcur san áireamh, is í Rogha 4 an **Rogha Bheartais Thosaíochta**. Is iad seo a leanas na tosca ba chúis le roghnú Rogha 4: éifeachtacht agus éifeachtúlacht na mbeart; an fhéidearthacht maidir le simpliú agus maidir leis an ualach riaracháin a laghdú; measúnú réalaíoch ar na seasaimh atá ag grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla, agus indéantacht phraiticiúil agus dhlíthiúil na mbeart atáthar a mholadh á cur san áireamh. Eisiatar na roghanna beartais eile toisc nach dtéann siad i ngleic leis na fadhbanna ach go pointe áirithe agus/nó go bhfuil sé deacair iad a ghlacadh nó a chur chun feidhme.

**Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

D'fhorbair an Coimisiún na roghanna beartais agus aird á tabhairt aige ar na moltaí a fuarthas le linn an chomhairliúcháin, comhairliúchán a raibh baint ag páirtithe leasmhara ábhartha leis (Parlaimint na hEorpa, na Ballstáit, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE, eagraíochtaí na sochaí sibhialta). Chomhaontaigh na páirtithe leasmhara go léir ar na hathruithe oibríochtúla a mholtar faoi Rogha 1. Le Rogha 2 cuirtear i láthair bearta reachtacha a fuair tacaíocht leathan i measc na bpáirtithe leasmhara uile. Thacaigh roinnt páirtithe leasmhara le bearta éagsúla a mholtar faoi Rogha 3. Mar sin féin, bhí tuairimí éagsúla ag na Ballstáit go háirithe maidir le raon feidhme an tSásra a leathnú amach ó *acquis* Schengen, agus maidir le meastóireachtaí rioscabhunaithe uilechuimsitheacha a chruthú. Níor thacaigh na páirtithe leasmhara leis an moladh go gcruthófaí meastóireacht shonrach ar chearta bunúsacha. Le Rogha 4 tugtar le chéile na bearta faoi na trí rogha eile a fuair an tacaíocht fhoriomlán is leithne ó na páirtithe leasmhara uile. Glacann sí cur chuige níos faichillí maidir le meastóireachtaí uilechuimsitheacha a thabhairt isteach ós rud é nach raibh na Ballstáit ar aon fhocal maidir leis an ábhar sin. Leis an rogha seo, tá an Chomhairle fós rannpháirteach i nglacadh moltaí sna cásanna is ábhartha ó thaobh na polaitíochta de agus fágann sí go bhfuil ról níos suntasaí aici san obair leantach agus san fhaireachán a dhéantar ar chur chun feidhme na moltaí. Thairis sin, le Rogha 4 dhéanfaí ceisteanna maidir le cearta bunúsacha a chomhtháthú níos fearr sna meastóireachtaí gan réimse ar leith a chur leo, rud nach bhfuair tacaíocht le linn an chomhairliúcháin.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad tairbhí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

Thabharfadh an Rogha Bheartais Thosaíochta aghaidh ar na fadhbanna a sainaithníodh agus d'fhreagródh sí go éifeachtach do chuspóirí ginearálta agus sonracha an tionscnaimh seo. Trí rannchuidiú le dea-fheidhmiú Schengen, tá raon na dtionchar díreach agus indíreach a d'fhéadfadh a bheith ann an-leathan, lena n-áirítear

| |
|---|
| dea-thionchair eacnamaíocha agus shóisialta. Mar sin féin, ní dhéantar iarracht sa Mheasúnú Tionchair na tionchair eacnamaíocha indíreacha a chainníochtú; ina ionad sin, dírítear ar na príomhbhuntáistí a eascraíonn as na ceithre rogha bheartais atá ann do na Ballstáit, don Choimisiún agus do chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE, sna gníomhaíochtaí is déine ó thaobh acmhainní de. Chuirfeadh an Rogha Thosaíochta feabhas ar cháilíocht na meastóireachtaí agus chuirfeadh sí ar chumas na mBallstát faisnéis níos fearr a bheith acu faoin staid reatha i mBallstáit eile, rud a chuideodh le torthaí na meastóireachtaí a dhaingniú agus iontaoibh a chothú idir na Ballstáit. Trí rannpháirtíocht na saineolaithe a bharrfheabhsú, chuirfeadh na Ballstáit níos lú acmhainní airgeadais ar leataobh le haghaidh iompair, bia agus státseirbhíseach, ar acmhainní airgeadais iad arna slógadh le haghaidh na meastóireachtaí. Féadfaidh na Ballstáit tairbhe a bhaint as measúnú neamhchlaonta ar a n-údarás riarachán agus as moltaí maidir leis na réimsí ina bhféadfadh sé go mbeadh feabhsú ag teastáil. Buntáiste eile is ea an fhéidearthacht go n-aistreofaí eolas agus dea-chleachtais. Bhainfeadh an Coimisiún tairbhe as comhordú agus rannpháirtíocht i Sásra níos fearr toisc go bhféadfaí faireachán níos fearr a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus cur chun feidhme dhlí an Aontais sna Ballstáit. Chuirfeadh sé ar chumas an Choimisiúin foghlaim faoi na fadhbanna agus na dúshláin atá ag teacht chun cinn, fadhbanna a bhféadfadh sé aghaidh a thabhairt orthu trí thionscnaimh reachtacha nua. A bhuí le meastóireachtaí níos éifeachtaí, bheadh saineolas breise ag saineolaithe an Choimisiúin a bheadh tairbhe ag baint leis i dtaca leis an bhfeidhm atá acu. Rachadh an Rogha Thosaíochta chun tairbhe do na comhlachtaí agus na gníomhaireachtaí AE. Trí bhíthin rannpháirtíocht agus sineirgí méadaithe, bhaileodh na comhlachtaí agus na gníomhaireachtaí AE faisnéis bhreise le linn na meastóireachtaí ina ndéantar dea-chleachtais a mhalartú agus líonrú le comhghleacaithe ó údaráis riaracháin na mBallstát. Cuimsítear sa Rogha Thosaíochta roinnt beart lena bhféadfaí an t-ualach riaracháin ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar an gComhairle a shimpliú agus a laghdú. |

| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
|---|
| Is é is aidhm don Rogha Tosaíochta úsáid na hacmhainní atá ar fáil a bharrfheabhsú. Laghdódh sí an t-ualach foriomlán ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún toisc go gcuimsíonn sí roinnt beart lena simplítear na nósanna imeachta agus lena laghdaítear na costais riaracháin ionas go bhféadfaí na huirlisí meastóireachta uile a úsáid ar bhealach ní b'éifeachtaí. Thiocfadh oibleagáidí breise ar chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE chun cinn, ach chruthódh sé sin costais bhreise theoranta i gcomparáid leis an tionchar dearfach suntasach a bheidh ag an tionscnamh. |
| **Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** |
| Meastar go mbeidh tionchar dearfach eacnamaíoch ag an tionscnamh seo toisc go gcuireann sé le neartú limistéar Schengen, rud a théann chun tairbhe don Mhargadh Aonair i gcoitinne agus do ghnólachtaí, lena n-áirítear FBManna. Dá bhrí sin, ní mheastar go n-imreoidh na roghanna beartais tionchar díreach ar ghnólachtaí. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| D'fhéadfadh an coigilteas a bhainfear amach a bheith suntasach do riaracháin phoiblí áirithe atá níos lú agus do Bhallstáit a bhfuil ualach díréireach orthu faoi láthair maidir le feidhmiú an tSásra (i.e. rannchuidiú neamhchothrom saineolaithe ó na Ballstáit). |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Leis an Sásra, ba cheart a áirithiú go bhfuil oibleagáidí ábhartha maidir le cearta bunúsacha á n-urramú agus *acquis* Schengen á chur chun feidhme agus go bhfuiltear ag comhlíonadh Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Tá tionchar dearfach ag gach rogha bheartais ar chosaint na gceart bunúsach trí na meastóireachtaí a neartú i ngach réimse, lena n-áirítear cosaint sonraí. Thabharfadh bearta spriocdhírithe aghaidh freisin ar bhearnaí i gcomhtháthú chosaint na gceart bunúsach i ndáil le cleachtais áirithe a d'fhéadfadh sé nach bhfuil gcumhdaíonn an Sásra iad ar bhealach leormhaith faoi láthair. Ní mheastar go n-imreofar tionchar suntasach ar réimse an chomhshaoil. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| I gcomhréir leis na rialacha maidir le Rialáil Níos Fearr, beidh an mheastóireacht ar fheidhmiú an tSásra bunaithe ar chlár mionsonraithe chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, ar thorthaí agus ar thionchair. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar rath iomlán an tionscnaimh ag deireadh an chéad timthrialla meastóireachta faoi na forálacha nua – nuair a bheidh meastóireacht amháin ar a laghad déanta ag na Ballstáit uile – agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa. |